**CEARTÚCHÁIN**

**Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2016/2336 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 lena mbunaítear coinníollacha sonracha maidir le stoic dhomhainfharraige a iascach san Atlantach Thoir Thuaidh agus forálacha maidir le hiascaireacht i bhfarraigí idirnáisiúnta an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2347/2002 ón gComhairle**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 354 an 23 Nollaig 2016)*

1. Ar leathanach 11, in Airteagal 17(2), sa chéad abairt,

*in ionad:* "2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 9(6) a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse cúig bliana ón 12 Eanáir 2017.",

*léitear:* "2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 9(7) a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse cúig bliana ón 12 Eanáir 2017.".

2. Ar leathanach 11, in Airteagal 17(3), sa chéad abairt:

*in ionad:* "3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9(6) a chúlghairm tráth ar bith",

*léitear:* "3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9(7) a chúlghairm tráth ar bith.".

3. Ar leahanach 11, in Airteagal 17(6), sa chéad abairt:

*in ionad:* "Tiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 9(6) i bhfeidhm ach amháin má chuir Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó más rud é, sula dtiocfaidh an tréimhse sin in éag, go bhfuil curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon nach gcuirfidh siad ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.",

*léitear:* "Tiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 9(7) i bhfeidhm ach amháin má chuir Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó más rud é, sula dtiocfaidh an tréimhse sin in éag, go bhfuil curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon nach gcuirfidh siad ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.".